

San aonad seo, tá nótaí agus cleachtaí ar na rudaí seo a leanas:

- 1 Focail a úsáidtear i gcuideachta a chéile i gcora cainte agus i bhfrásaí.
- 2 Séimhiú i ndiaidh an réamhfhocail 'ar'.
- 3 An scríbhneoireacht Ghaeilge i gCúige Uladh.
- 4 Úsáid na n-uimhreacha pearsanta i nGaeilge Uladh.
- 5 An struchtúr 'bata fear siúil'.

1 Cluas le héisteacht



Ar ball beag, beidh tú ag éisteacht le beirt ag caint faoina gcuid oibre i ngort na Gaeilge:

- 1 Máire Uí Rabhartaigh, as Dún Lúiche, Co. Dhún na nGall, ag cur síos ar shaol an aisteora.
- 2 Antaine Ó Donnaille, as Ard Mhacha, ag caint faoina chuid oibre sna meáin Ghaeilge.

Sula n-amharcaidh tú ar an fhíseán, léigh na focail agus na frásaí thíos.

- 1 Bhí mise iontach neirbhíseach **ar dtús**.
- 2 **Déanann** tú dearmad go bhfuil na ceamaraí ann.
- 3 Tá tú ag cur **amú** ama.
- 4 Éiríonn tú **cleachta** leis.
- 5 Thiocfadh leat **laethanta** fada a bheith agat.
- 6 Dhéanfá **gnó** gan é.
- 7 Bhuel, ní thiocfadh liomsa **smaoineamh** ar phost níos fearr.
- 8 Saor in **aisce**

Is mar sin a bheadh na leaganacha sa Ghaeilge chaighdeánach, ach ní mar sin a deir Máire agus Antaine iad.

- Caidé mar a deirtear na leaganacha 1–8 i nGaeilge Uladh? Sula n-amharcaidh tú ar an fhíseán, scríobh síos an rud a deirtear i gCúige Uladh, dar leat.
- Éist le Máire agus Antaine ansin. An raibh an ceart agat maidir leis na leaganacha Ultacha?

Tá freagraí le fáil in *Nótaí agus freagraí*.

Tá script an fhíseáin le fáil in *Scripteanna*.

2 Focal ar fhocal



Agus é ag caint ar obair an chraoltóra, deir Antaine ‘is duine faiteach, cúthail mé.’ Is minic a bhaineann cainteoirí Gaeilge úsáid as dhá fhocal a bhfuil an chiall céanna leo le smaoineamh a threisiú.

- Corruair, cuirtear focal coitianta le focal nach bhfuil chomh coitianta céanna: ‘Níl tásca ná tuairisc orthu.’
- Ní i gcónaí a bhíonn na focail díreach ar aon bhrí. I gcásanna áirithe, úsáidtear focail a bhaineann leis an ábhar céanna, mar shampla ‘Ní raibh duine ná deoraí le feiceáil’, ‘Lá fuar feanntach a bhí ann.’
- Go minic, bíonn ‘uaim’ le cluinstitín, is é sin tosaíonn an dá fhocal leis an ghuta nó leis an chonsan céanna, mar shampla: ‘duine beag bídeach’, ‘slán sábháilte.’
- Tugtar ‘dúblóga’ ar phéirí focal nach bhfuil de dhifear eatarthu ach siolla amháin: ‘Dhiúltaigh sí scun scan é a dhéanamh’, ‘Ní raibh gíog ná míog le cluinstitín.’
- Thiocfadh le níos mó ná dhá fhocal a bheith ann: ‘Níor dhúirt sí a dhath fá dtaobh de, maith olc nó dona.’
- Corruair, deirtear an focal céanna faoi dhó leis an smaoineamh a threisiú: ‘Níl ocras ná ocras orm.’

Seo thíos roinnt péirí focal atá coitianta sa Ghaeilge. Tá focal amháin den phéire fágtha ar lár in achan chás. Caithfidh tusa an focal atá ar iarraidh a chur ar fáil. Tá dhá rogha agat:

- 1 Iad a chur ar fáil as do stuaim féin.
 - 2 Focail a roghnú ón bhosca thíos. Bí ar d’aire: tá dhá fhocal ann nach bhfuil le húsáid ar chor ar bith.
- 1 Chaith muid coicís sa Róimh fá shult agus fá _____.
 - 2 Bhí muintir na háite seo _____ bocht san am.
 - 3 Dúirt sé rudaí nach raibh ciall ná _____ leo.
 - 4 Bhí daoine á marú gan trua gan _____.
 - 5 Chreid na Gaeil go raibh na filí ábalta _____ agus tairngreacht a dhéanamh.
 - 6 Thit sé _____ marbh mar a bhuaifí le tua é.
 - 7 Ach ní bhaineann sin le hábhair mo scéil, dubh, bán ná _____.
 - 8 Beidh cuimhne fada _____ ar an lá seo!
 - 9 Seo leis isteach sa tseomra gan chead gan _____.
 - 10 Gasúr múinte _____ a bhí in Ailbhe riamh.

- 11 Fágadh sínte é gan _____ gan urlabhra.
- 12 Bíonn _____ agus rogha an bhia le fáil ann.
- 13 Ná bíodh _____ ná eagla ort roimh Phroinsias Mór.
- 14 Seanbhean aclaí nach mbíonn pian ná _____ uirthi.
- 15 Shiúil muid linn gan stad gan _____.
- 16 Ná bí fuar ná _____ agus tú ag éileamh an tuarastail atá tuillte agat.
- 17 Blianta crua _____ a bhí i mblianta an chogaidh.
- 18 Níl cuma ná _____ ar theach Mhicheáil.
- 19 Tá radharc _____ fairsing agaibh anseo.
- 20 Fear bocht gan choir gan _____ nach ndearna dochar d'aon duine.

trócaire	buan	modhúil	fial	sásamh	togha	piolóid
caodranta	maol	réasún	déanamh	riabhach	bríomhar	scáth
aithne	fada	tuar	beo	falsa	cáin	staonadh

3 Bain triail as

Deir Máire gur ghnách léi a bheith iontach neirbhíseach nuair a thosaigh sí a aisteoireacht. Deir sí go mbíodh sí 'ar crith', fiú amháin.

Dar ndóigh, is gnách go mbíonn séimhiú i ndiaidh an réamhfhocail 'ar'. Is eisceacht air sin leithéidí 'ar crith' – frásaí a chuireann staid nó suíomh ginearálta in iúl.

Staid

Seo dornán samplaí a bhfuil staid i gceist iontu:

- Tá teach *ar cíós* againn i lár an bhaile.
- Bhí an bia gann nuair a bhí an cogadh *ar siúl*.
- Beidh mo mhuintir *ar mire* liom.

Corruair, bíonn difear céille ag brath ar an tséimhiú:

- Bhí cluiche *ar dóigh* ann (cluiche fórmhaith).
- Déanfar an obair *ar dhóigh* nó *ar dhóigh* eile (ar bhealach amháin nó ar bhealach eile).
- Is fada an lá an clár teilifíse sin *ar siúl* (tá an clár sin ann le fada an lá).
- Is fada an lá Dónall *ar shiúl* (tá Dónall imithe le fada an lá).

Suíomh ginearálta

Seo dornán samplaí a bhfuil suíomh ginearálta i gceist iontu, is é sin tá suíomh i gceist cé nach ndeirtear go hiontach beacht cá bhfuil seo nó siúd.

- Ní bhfaighfeá duine ní b'fhearr *ar muir* nó *ar tír*.
- An fíon is fearr *ar deireadh* (ar an rud deireanach ar fad).
- Clíceáil an nasc ar thaobh na láimhe deise, *ar barr*.

Bíonn séimhiú ar fhrásaí den chineál sin má **cháilítear** iad, is é sin má chuirtear aidiacht nó ainmfhocal leo le tuilleadh eolais a sholáthar ina dtaobh:

- Is doiligh teach a fháil *ar chíos* íseal.
- Séidfídh sé ina ghála aniar nó aniar aduaidh ar chósta na hÉireann agus *ar Mhuir Éireann*.
- Mise a bhí *ar dheireadh* an teaghlaigh.
- Chuaigh an bád go tóin agus fágadh Proinsias *ar bharr* na farraige.

Tá dornán beag eisceachtaí ar an riail sin ann. Cuir i gcás, tá aidiacht sa fhrása 'ar ball beag' ach ní chuirtear séimhiú ar an chéad fhocal. Tá cúis mhaith leis sin, nó b'fhéidir go mbainfeadh daoine ciall eile as 'ar bhall beag' (*on a small part?*) Dá ndéarfá 'ar thír mhór' b'fhéidir go sílfeadh daoine go bhfuil tír mhór faoi leith i gceist agat seachas *on the mainland*. Sampla den chineál chéanna atá in 'ar bord loinge'.

Nod don eolach

San áit a bhfuil an réamhfhocal 'ar' inniu, bhí dornán réamhfhocal sa tSean-Ghaeilge. Ina measc bhí 'ar' (a mbíodh séimhiú ina dhiaidh) agus 'for' nó 'or' (nach mbíodh séimhiú ina dhiaidh). Is 'for' nó 'or' a bheadh i gceist i bhfrásaí Nua-Ghaeilge mar 'ar crith' agus 'ar díol'.

Chífidh muid anois an dtig leat na rialacha a bhaineann leis an ghné seo den ghramadach a chur i bhfeidhm.

- Léigh na habairtí 1–10.
- Má shíleann tú an abairt a bheith mícheart ó thaobh an tséimhithe de, ceartaigh an botún.

- 1 Fuair mé post sa Roinn, ar conradh sealadach.
- 2 Caithfidh tú teacht ar cuairt chugainn, am inteacht.
- 3 Ní ar meisce a bhí siad, ach ar dheargmheisce.
- 4 Is cosúil go bhfuil Máiréad ar saoire mháithreachais.
- 5 Bíonn an mhuintir óg seo ag tiomáint ar cosa in airde.
- 6 Ceannaigh cúpla ceann más ar shladmhargadh atá siad.
- 7 Cuireadh an jab amach ar tairiscint.
- 8 Scríobh sé cuntas ar an am a chaith sé ar dualgas sa Mheánoirthear.
- 9 Gach ceart ar chosaint; ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh.
- 10 Tá an fíon seo ar fheabhas.

4 Cúinne na héigse



Is léachtóir ollscoile í Caitlín Nic Íomhair a bhíonn ag múineadh na litríochta ar chúrsaí tríú leibhéal. Chaith sí seal ina bainisteoir ar shiopa leabhar Chonradh na Gaeilge i mBaile Átha Cliath fosta. Ní miste a rá, mar sin, go bhfuil tuiscint mhaith aici ar chúrsaí scríbhneoireachta agus ar nósanna léitheoireachta phobal na Gaeilge.

Léigh na ceistanna thíos agus bí ag smaoineamh orthu agus tú ag amharc ar an fhíseán 'Peann agus pár'.

- 1 Caidé an rud ba mhó a chuaigh i bhfeidhm ar Chaitlín:
 - a) agus í ag obair sa tsiopa leabhar
 - b) agus í ag teagasc mic léinn ollscoile?
- 2 Cad chuige a luann sí na húrscéalta grinn sa tsraith Ross O'Carroll Kelly?
- 3 Caidé an t-údar mórtais atá ann ó thaobh na litríochta de, dar léi?

Tá freagraí le fáil in *Nótaí agus freagraí*.

Tá script an fhíseáin le fáil in *Scripteanna*.

5 Ceann corr

Luaigh Caitlín cineál scríbhneoireachta ar thug sí 'scíthléitheoireacht' uirthi, is é sin scéalta éadroma a léitear mar chaitheamh aimsire. Tá tuilleadh téarmaí litríochta luaite thíos.

Tá focal amháin in achan ghrúpa nach bhfuil cosúil leis na cinn eile. Aimsigh an ceann corr mar atá déanta sa tsampla.

Sampla:	beathaisnéis	dialann/cín lae	gearrscéal	tráchtas
	Is é 'gearrscéal' an ceann corr, mar is saothar ficsein atá ann.			

- | | | | | |
|---|-----------|-------------|--------------|-----------------------------|
| 1 | scéinséir | ainm cleite | fantaisíocht | aor |
| 2 | uaim | athrá | aiste | onamataipé/fuaimfhoclaíocht |
| 3 | íoróin | rann/véarsa | meafar | imeartas focal |
| 4 | iomann | caoineadh | reacaire | soinéad |
| 5 | dialóg | radharc | finscéal | gníomh |

Tá freagraí le fáil in *Nótaí agus freagraí*.

6 Seal ag léamh

Léigh an t-alt seo thíos agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

Borradh agus biseach ar an scríbhneoireacht Ghaeilge

Bhí lá ann agus ba doiligh cuntas a scríobh ar litríocht na Gaeilge i gCúige Uladh – is é sin le rá cuntas a mbeadh níos mó ná údar nó beirt luaite ann. Inniu féin, bheadh eagla orm dul i muinín sean-nathanna mar ‘ré órga’, ar eagla an mí-ádh a tharraingt ar an obair. Ach ní miste domh a rá go bhfuil borradh agus biseach ar an scríbhneoireacht Ghaeilge, idir líon na n-údar agus réimse na n-ábhar a mbíonn siad ag trácht orthu.

De réir na seanscéalta, ba é Colm Cille cosantóir na seanfhilí fadó. Sheas sé an fód daofa nuair a bhí muintir na hÉireann ag iarraidh iad a dhíbirt thar sáile. (Bhí barraíocht acu ann, is cosúil.) Cinnte, ní raibh ganntanas filí riamh i measc Ghaeil Chúige Uladh. Orthu sin tá Cathal Ó Searcaigh as Gaeltacht Thír Chonaill agus triúr Feirsteach: Pól Ó Muirí, Gréagóir Ó Dúill agus Gearóid Mac Lochlainn. Is maith ann iad, ach thuigfeá don té a déarfadh, ‘cá bhfuil na húrscéalaithe?’ Nó ‘Cá bhfuil na gearrscéalaithe?’ Agus, leoga, ‘Cá bhfuil na mná?’

D’athraigh an scéal go mór le blianta beaga anuas. Is de bhunadh Bhéal Feirste í Réaltán Ní Leannáin, a bhfuil dornán maith duaiseanna liteartha bainte aici. Saol na cathrach agus saol na mban na téamaí is mó a bhíonn le brath ar a cnuasach gearrscéalta *Dílís* agus san úrscéal *Cití na gCártaí*. Saol corrach Bhéal Feirste le linn na dTrioblóidí is ábhar do bhunús na scéalta sa chnuasach *Gáire in Éag* le Seán Ó Muireagáin, Feirsteach eile.

Éabhlóid, comhlacht atá lonnaithe i nGaeltacht Thír Chonaill, a d’fhoilsigh *Gáire in Éag*. Léiríonn sé sin nach bhfuil ‘teorainn chrua’ idir scríbhneoirí Gaeltachta agus Galltachta níos mó. Tá duine de stiúrthóirí Éabhlóid, Eoghan Mac Giolla Bhríde, ina ghearrscéalaí cumasach a bhíonn ag scríobh faoin tsaol sa bhaile agus i mBaile Átha Cliath. Leoga, níl Claí na Muice Duibhe ann idir an próis agus an fhilíocht ach oiread. Bíonn idir scéalta agus dánta á saothrú ag Máire Dinny Wren as Gaoth Dobhair agus ag Proinsias Mac an Bhaire as Árann Mhór. Ba sa bhliain 2018 a d’fhoilsigh Cathal Ó Searcaigh a chéad úrscéal fada, *Teach an Gheaftha*.

Is minic a deirtear go mbíonn saothar na scríbhneoirí Gaeilge ‘ró-intleachtach’ nó ‘ró-acadúil’. B’fhéidir go raibh bunús inteacht leis an ghearán sin, tráth dá raibh, ach is duine aineolach a déarfadh a leithéid inniu. Smaoinigh, mar shampla, ar na scéalta breátha don aos óg atá curtha ar fáil ag Myra Zepf, as Aird Mhic Nasca, Co an Dúin. Fiú amháin gur aistríodh ceann acu (*Ná Gabh ar Scoil!*) go Béarla agus, rud is iontaí ná sin, go Cóiréis.

Is maith duaiseanna, agus is fearr fós do shaothar a bheith le fáil i dteangacha eile. Ach thar rud ar bith eile, is mian leis na scríbhneoirí pobal léitheoireachta a bheith acu.

- 1 Aistrigh go Béarla na frásaí seo ón alt:
- A Bheadh eagla orm dul i muinín frásaí mar ‘ré órga’
 - B Tá borradh agus biseach ar an scríbhneoireacht Ghaeilge
 - C Orthu sin tá Cathal Ó Searcaigh agus triúr Feirsteach
 - D Is maith ann iad
 - E Níl Claí na Muice Duibhe ann idir an próis agus an fhilíocht
- 2 Scríobh abairtí de do chuid féin ag úsáid na nathanna seo a leanas:
- A Bhí lá ann agus...
 - B Inniu féin...
 - C Ní miste domh a rá...
 - D Thuigfeá don té a déarfadh...
 - E Tráth dá raibh...
 - F Fiú amháin gur...



Réaltán Ní Leannáin

Tá freagraí le fáil in *Nótaí agus freagraí*.

7 An Lia Gramadaí: na huimhreacha pearsanta



Bíonn neart míthuiscintí ag cur as do dhaoine maidir le canúint Chúige Uladh. B’fhéidir go ndéarfadh duine, ‘Ó na hUltaigh, deir siad leithéidí “beirt chathaoir” agus “triúr carranna”.

San fhíseán seo, míníonn Aodh Ó Gallchóir bunús na míthuisceana sin agus an dóigh cheart leis na

huimhreacha pearsanta a úsáid ag tagairt siar do rudaí atá luaite cheana féin.

Tá script an fhíseáin le fáil in *Scripteanna*.

8 I ngleic leis an ghramadach: bata fear siúil

Gné thábhachtach de ghramadach na Gaeilge atá san **infhilleadh**, is é sin an t-athrú a thagann ar fhocail san uimhir iolra nó sa tuiséal ghinideach.

- Tá dúil mhór agam sa scannán sin.
- Tá dúil mhór agam sna scannáin sin.
- An cuimhin leat ainm an scannáin sin?

Bíonn tionchar ag an fhocal infhillte ar na focail thart air. Is minic, mar shampla, a bhíonn séimhiú i gceist:

- An cuimhin leat ainm an scannáin ghrinn sin?
- Scannáin Fhrancacha is fearr liomsa.

Éiríonn ceisteanna maidir le hinfhilleadh agus séimhiú beagáinín casta nuair a bhíonn péirí focal le cur sa ghinideach, leithéidí ‘cumann carthanachta’, ‘clár teilifíse’ nó ‘fíon dearg’. Is minic a thugtar ‘aonad brí’ ar a leithéid. In ainneoin go bhfuil níos mó ná focal amháin iontu, cuireann siad rud amháin in iúl.

Cuir i gcás go gcaithfí na haonaid bhrí sin a chur sa tuiseal ghinideach, as siocair go bhfuil ainmfhocal rompu:

- rúnaí + cumann carthanachta
- léiritheoir + scannán grinn
- buidéal + fíon dearg

Ní raibh na foinsí gramadaí riamh ar aon fhocal faoin dóigh cheart leis sin a dhéanamh. Mhol an chuid is mó acu an dá fhocal san aonad brí a infhilleadh agus séimhiú a chur ar an fhocal ina ndiaidh, mar seo:

- rúnaí + cumann carthanachta = rúnaí cumainn charthanachta
- léiritheoir + scannán grinn = léiritheoir scannáin ghrinn
- buidéal + fíon dearg = buidéal fíona dheirg

Inniu, tá nós sa Ghaeilge gan aonaid bhrí a infhilleadh ar an dóigh sin, ach iad a fhágáil sa tuiseal ainmneach, mar seo:

- rúnaí + cumann carthanachta = rúnaí cumann carthanachta
- léiritheoir + scannán grinn = léiritheoir scannán grinn
- buidéal + fíon dearg = buidéal fíon dearg

Tá ainm neamhoifigiúil ar an nós seo, is é sin ‘bata fear siúil’. Is cinnte go bhfuil leithéidí ‘buidéal fíon dearg’ ag teacht níos fearr leis an teanga bheo ná ‘buidéal fíona dheirg’.

Úsáidtear ‘bata fear siúil’ sna cásanna seo fosta, in áit an ainmfhocail a infhilleadh:

- I ndiaidh ainmfhocal briathartha: ag foghlaim gléas ceoil, ag scríobh úrscéal bleachtairachta, ag ól fíon dearg
- I ndiaidh réamhfhocail chomhshuite: fá choinne cumann carthanachta, i ndiaidh cruinniú fada, i lár cruinniú Rialtais
- I ndiaidh na réamhfhocail simplí ‘cois’, ‘trasna’, ‘timpeall’, ‘trasna’: cois abhainn bheag, timpeall baile mór, trasna bóthar gnóthach

Pointe tábhachtach: is aonaid bhrí *éiginnte* atá sna samplaí seo ar fad. Tá rialacha ann i gcás aonaid bhrí chinnte a bheidh á bplé níos faide anonn in *Céim ar Aghaidh*.

9 I ngleic leis an ghramadach: cleachtadh

Chífidh muid anois an dtig leat rialacha ‘bata fear siúil’ a chur i bhfeidhm.

- Cuir Gaeilge ar na habairtí 1–10.
- Úsáid foclóirí Béarla–Gaeilge le teacht ar fhocal ar bith nach bhfuil ar eolas agat.

1 I’d like a weekend break in Paris.

2 I won a table tennis competition.

3 The rural population is still falling, according (de réir) to a new report.

4 It’s good to relax after (i ndiaidh) a long day’s work.

5 I signed up for (fá choinne) a computer class.

- 6 The band was playing a slow air.
- 7 Get me a brown bread sandwich.
- 8 The money was found behind (ar chúl) a school building.
- 9 I had a flat above (os cionn) a driving school.
- 10 She's a local history expert.

10 I ngleic leis an ghramadach: bata fear siúil

Is riail iontach úsáideach atá in 'bata fear siúil' a chuidíonn le scríbhneoirí déileáil le sraitheanna ainmfhocal i dtéarmaí mar 'bainisteoir comhar creidmheasa' nó 'saineolaí athrú aeráide'. Bíodh sin mar atá, is fearr in amanna réamhfhocail a úsáid sa dóigh is nach gcaitear ainmfhocail i mullach a chéile mar sin. Thig leat a rá, mar shampla, go bhfuil duine ina bhainisteoir *ar* chomhar creidmheasa nó go bhfuil saineolas ag an duine *maidir le* hathrú aeráide.

Is san uimhir uatha a bhí na samplaí uilig a bhí againn go seo de 'bata fear siúil'. Tá an prionsabal céanna ann i gcás aonaid bhrí éiginnte san uimhir iolra, is é sin fágtar na focail sa tuiséal ainmneach:

- cumainn charthanachta + ceannairí = ceannairí cumainn charthanachta
- gutháin phóca + fá choinne = fá choinne gutháin phóca
- srutháin bheaga + trasna = trasna srutháin bheaga

D'fhéadfadh míthuiscint a bheith ann i gcás samplaí mar sin. An té a léifeadh 'fá choinne gutháin phóca' b'fhéidir go sílfeadh sé gur *for a mobile phone* atá ann agus go ndearna 'guthán' a infhilleadh de réir na seanrialacha. Ach bíonn an bhrí soiléir ón chomhthéacs, de ghnáth.

Aonad 3: seicliosta

- Rinne mé cleachtadh ar fhocail Ghaeilge a bhíonn i gcuideachta a chéile i bhfrásaí agus i gcora cainte.
- Tuigim na cúiseanna a mbíonn nó nach mbíonn séimhiú ar fhocail i ndiaidh an réamhfocail ‘ar’.
- Tá cur amach agam ar chuid de na scríbhneoirí Gaeilge atá ag teacht chun cinn i gCúige Uladh.
- Tuigim an dóigh a n-úsáidtear na huimhreacha pearsanta i gCúige Uladh.
- Tá mé ábalta an struchtúr ‘bata fear siúil’ a láimhseáil.

Nótaí agus freagraí

1 Cluas le héisteacht

Seo iad na leaganacha Ultacha a d’úsáid Máire agus Antaine ina gcuid cainte.

1 Bhí mise iontach neirbhíseach **ar tús**.

Is gnách an ‘d’ a fhágáil ar lár.

2 **Ghníonn** tú dearmad go bhfuil na ceamaraí ann

Is leagan malartach é seo a bhfuil roinnt leaganacha de le fáil i nGaeilge Uladh. Thiocfadh ‘ghní tú dearmad’ a scríobh nó ‘ní tú dearmad’ nó fiú amháin ‘níonn tú dearmad.’ Is fearr le daoine áirithe ‘ghní’ a scríobh le nach sílfidh léitheoirí gurb é an briathar ‘nigh’ (glan) atá i gceist.

3 Tá tú ag cur **amogh’** ama

Is gnách ‘cur amogha’ a scríobh. Sa chás seo, tá an dá ‘a’ ag rith isteach ina chéile.

4 Éiríonn tú **cleachtaithe** leis

Tá cúpla rud le míniú anseo. (1) Is é ‘cleachta’ an leagan caighdeánach, ach ‘cleachtaithe’ a deirtear i dTír Chonaill. (2) Is mar ‘í’ a fhuaimnítear an siolla deireanach –aithe. Bíonn an rud céanna ann i gcás briathra eile, mar shampla ‘ceannaithe’, ‘beannaithe’ agus ‘sáraithe’. Is mar seo a fhuaimnítear iad: ‘ceannaí’, ‘beannaí’ agus ‘sáraí’.

5 Thiocfadh leat **laetha** fada a bheith agat.

Tá an leagan malartach seo fíorchoitianta i nGaeilge Uladh.

6 Dhéanfá **gnoithe** gan é.

Is ionann ‘gnoithe’ agus ‘gnó’. Litrítear mar ‘gnaithe’ é fosta. Focal coitianta é a úsáidtear i bhfrásaí mar ‘fios gnoithe’ (eolas ar an dóigh le rudaí a dhéanamh) agus ‘déanamh gnoithe’ (oiread a dhéanfas cúis). Cé gur san uimhir iolra atá sé, is san uimhir uatha a bhíonn aidiachtaí ina dhiaidh: ‘ag déanamh gnoithe maith/gnoithe breá.’

7 Bhuel, ní thiocfadh liomsa **smaointiú** ar phost níos fearr.

Ní amháin go bhfuil ‘t’ le cluinstitín agus fuaim ‘ú’ i ndeireadh an fhocail; is amhlaidh a bhíonn an ‘n’ iontach srónach ar fad, sa dóigh is go sílfeá gur ‘smaoitiú’ atá á rá ag daoine.

8 Saor in **aiscidh**

Is minic a bhíonn an fhuaim ‘í’ ann i ndeireadh focail den chineál chéanna, mar shampla ‘a thaiscidh’ seachas ‘a thaisce.’

2 Focal ar fhocal

- 1 Chaith muid coicís sa Róimh fá shult agus fá shásamh.
- 2 Bhí muintir na háite seo beo bocht san am.
- 3 Dúirt sé rudaí nach raibh ciall ná réasún leo.
- 4 Bhí daoine á marú gan trua gan trócaire.
- 5 Chreid na Gaeil go raibh na filí ábalta tuar agus tairngreacht a dhéanamh.
- 6 Thit sé maol marbh mar a bhuaifí le tua é.
- 7 Ach ní bhaineann sin le hábhair mo scéil, dubh, bán ná riabhach.
- 8 Beidh cuimhne fada buan ar an lá seo!
- 9 Seo leis isteach sa tseomra gan chead gan iarraidh.
- 10 Gasúr múinte modhúil a bhí in Ailbhe riamh.
- 11 Fágadh sínte é gan aithne gan urlabhra.
- 12 Bíonn togha agus rogha an bhia le fáil ann.
- 13 Ná bíodh scáth ná eagla ort roimh Phroinsias Mór.
- 14 Seanbhean aclaí nach mbíonn pian ná piolóid uirthi.
- 15 Shiúil muid linn gan stad gan staonadh.
- 16 Ná bí fuar ná falsa agus tú ag éileamh an tuarastail atá tuillte agat.
- 17 Blianta crua cadránta a bhí i mblianta an chogaidh.
- 18 Níl cuma ná déanamh ar theach Mhicheáil.
- 19 Tá radharc fada fairsing agaibh anseo.
- 20 Fear bocht gan choir gan cháin nach ndearna dochar d'aon duine.

3 Bain triail as

1 Fuair mé post sa Roinn, ar conradh sealadach.

Mícheart: ‘ar chonradh sealadach’ ba cheart a bheith ann, toisc go bhfuil ‘ar conradh’ cáilithe ag an aidiacht ‘sealadach.’

2 Caithfidh tú teacht ar cuairt chugainn, am inteacht.

Ceart

3 Ní ar meisce a bhí siad, ach ar dheargmheisce.

Mícheart: B’fhéidir go sílfeadh daoine go bhfuil an focal ‘meisce’ cáilithe ag an réimír ‘dearg’ ach ní leor sin leis na gnáthrialacha a athrú: ‘ar deargmhire’, ‘ar gnáthluas’, ‘ar dúmheisce’.

4 Is cosúil go bhfuil Máiréad ar saoire mháithreachais.

Mícheart: ‘ar shaoire mháithreachais’ ba cheart a bheith ann, toisc go bhfuil ‘saoire’ cáilithe ag an ainmfhocal ‘máithreachas’.

5 Bíonn an mhuintir óg seo ag tiomáint ar cosa in airde.

Ceart

6 Ceannaigh cúpla ceann más ar shladmhargadh atá siad.

Mícheart: ‘ar sladmhargadh’ ba cheart a bheith ann.

7 Cuireadh an jab amach ar tairiscint.

Ceart

8 Scríobh sé cuntas ar an am a chaith sé ar dualgas sa Mheánoirthear.

Ceart

9 Gach ceart ar chosaint; ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh.

Mícheart: ‘ar cosaint’ ba cheart a bheith ann.

10 Tá an fíon seo ar fheabhas.

Ceart. Eisceacht ar rialacha an tséimhithe atá ann.

4 Cúinne na héigse

1 Is iad seo na rudaí ba mhó a chuaigh i bhfeidhm ar Chaitlín:

a) Gur ceol, saothar ealaíne nó earraí a bhfuil Gaeilge scríofa orthu is mó a cheannaíonn custaiméirí.

Bíonn leisce orthu tabhairt faoi ábhar léitheoireachta.

b) Ní bhíonn na mic léinn ag léamh.

2 Sampla den ‘scíthléitheoireacht’ atá ann, ábhar léitheoireachta éadrom a léitear mar chaitheamh aimsire.

3 Deir Caitlín gur cheart do phobal na Gaeilge a bheith bródúil as a bhfuil curtha i gcrích ag scríbhneoirí Gaeilge sa tréimhse céad bliain ó thosaigh athbheochan na litríochta. Bhí an traidisiún liteartha marbh an t-am sin.

5 Ceann corr

1 scéinséir ainm cleite fantaisíocht aor

Is é 'ainm cleite' an ceann corr. Is cineálacha scéil nó seánraí atá sna samplaí eile.

2 uaim athrá aiste onamataipé/fuaimfhoclaíocht

Is é 'aiste' an ceann corr. Is cleasa scríbhneoireachta atá sna samplaí eile a bhíonn in úsáid ag filí go háirithe.

3 íoróin rann/véarsa meafar imeartas focal

Is é 'rann/véarsa' an ceann corr. Is páirt de dhán atá ann, ach is cleasa scríbhneoireachta atá sna samplaí eile.

4 iomann caoineadh reacaire soinéad

Is é 'reacaire' an ceann corr. Cineálacha dánta atá sna samplaí eile.

5 dialóg radharc finscéal gníomh

Is é 'finscéal' an ceann corr. Téarmaí drámaíochta atá sna samplaí eile.

6 Seal ag léamh

1 Is aistriúcháin shamplacha iad seo – thiocfadh le haistriúcháin eile a bheith ceart.

A I'd be reluctant to use/to resort to clichés like 'golden age'

B Irish-language writing is growing and prospering

C They include Cathal Ó Searcaigh and three Belfast men

D We're lucky to have them

E There's no Iron Curtain between prose and poetry*

* Claí na Muice Duibhe: sraith d'oibreacha créafóige ar a dtugtar *the Black Pig's Dyke* i mBéarla. Dar le daoine áirithe gur teorainn idir Cúige Uladh agus an chuid eile d'Éirinn a bhí ann, ach tá oibreacha den chineál chéanna le fáil i bpáirteanna eile den tír, i gContae Chorcaí, cuir i gcás.

2 Is fút féin atá sé abairtí de do chuid féin a chumadh.

9 I ngleic leis an ghramadach: cleachtadh

Is aistriúcháin shamplacha iad seo. Thiocfadh le haistriúcháin eile a bheith ceart.

1 Ba bhreá liom sos deireadh seachtaine i bPáras.

2 Bhain mé comórtas leadóg tábla.

3 Tá daonra na tuaithe ag titim i gcónaí, de réir tuairisc úr.

4 Is maith an rud do scíste a dhéanamh i ndiaidh lá fada oibre.

5 Chláraigh mé fá choinne rang ríomhaireachta.

- 6 Bhí an banna ceoil ag bualadh fonn mall.
- 7 Faigh ceapaire arán donn domhsa.
- 8 Fuarthas an t-airgead ar chúl foirgneamh scoile.
- 9 Bhí árasán agam os cionn scoil tiomána.
- 10 Is saineolaí athrú aeráide í.

Scripteanna

1 Cluas le héisteacht

Máire Uí Rabhartaigh

Anois, mar a dúirt mé, tá dúil mhór agam san aisteoireacht. Ach, amannaí, tá sé¹ deacair. Anois, bhí mise iontach neirbhíseach ar tús, nuair a thoisigh mé. Bhí a fhios agam go raibh na ceamaraí ansin agus bheadh crith i mo ghlór. Bhínn ar crith. Ach anois, ghníonn tú dearmad go bhfuil na ceamaraí ann. Ach rudaí eile, b'fhéidir, atá le foghlaim agat, agus thiocfadh le rud chomh fada sin a bheith agat, le foghlaim. Agus b'fhéidir go bhfuil ceann eile atá rud beag cosúil leis. Agus nuair atá tú ag aisteoireacht, b'fhéidir go bhfuil tusa ag ráit an cheann chontráilte² san áit chontráilte. Agus éiríonn tú iontach neirbhíseach fosta. Agus ní bhíonn siad iontach sásta leis sin. Tá tú ag cur amogh' ama agus tá tú ag cur amogh' airgid. Ach éiríonn tú cleachtaithe leis. Caidé eile? Thiocfadh leat laetha fada a bheith agat. Ar an taobh eile, thiocfadh leat laetha gairide a bheith agat. Tá dhá thaobh ar an aisteoireacht. Tá dhá thaobh air. Taobh is maith leat agus, corruair eile, taobh a dhéanfá gnoithe gan é.

- 1 ...*tá sé deacair*... Focal baininscneach atá in 'aisteoireacht' agus b'fhéidir go mbeifeá ag súil leis an fhorainm bhaininscneach 'sí'. Is minic sa chaint a úsáidtear forainmneacha firinscneacha ag tagairt siar d'ainmfhocail bhaininscneacha atá luaite cheana féin. Scéal eile ar fad atá sa Ghaeilge scríofa, dar ndóigh – bheifí ag súil le hinscne an ainmfhocail agus inscne an fhorainm a bheith de réir a chéile.
- 2 ...*ag ráit an cheann chontráilte*... Sa Ghaeilge scríofa, is dócha go mbeadh 'ceann' sa tuiseal ghinideach: 'ag rá an chinn chontráilte'. Bíodh sin mar atá, ní gnách an focal 'ceann' a infhilleadh mar sin sa teanga labhartha.

Antaine Ó Donnaile

Bhuel, ní thiocfadh liomsa smaointiú ar phost níos fearr. Agus, mar a tharlaíonn sé, nuair a thoisigh mé ag obair in earnáil na craoltóireachta agus nuair a thoisigh mé ag fáil tuarastala¹ ón BBC, bhí mé ag smaointiú... mhoithigh mé rud beag ciontach, mar bhí mé ag fáil airgid as rud a dhéanamh a bhí mé a dhéanamh le scór bliain roimhe sin, saor in aiscidh, ar mhaithe le pléisiúr. Ach anois, bhí mé, bhí tuarastal ar a shon.

Agus níor chaill mé sin, caithfidh mé a rá. Tá sin agam go fóill. Nuair a bhuaileann smaoineamh mé, nuair a bhím istigh sa seomra eagarthóireachta, agus nuair a oibríonn rudaí amach nó nuair a thagann, *you know*, focla agus pictiúirí agus ceol le chéile go deas. Tugann sé sásamh millteanach domh.

Agus ar a bharr sin fosta, caithfidh mé a admháil, is duine iontach faiteach, cúthail mé. Agus tugann an chraoltóireacht deis domh a bheith ag caint le daoine. Tugann sé cineál ‘fáth’ réasúnta le dul suas chuig daoine agus ceisteanna a chur orthu agus ní mhothaím go bhfuil mé ag cur isteach orthu an oiread sin. Mar tuigeann muid, caithfidh muid é seo a dhéanamh ar mhaithe leis an chlár. So, is maith liom sin. Dá mbeinn istigh i seomra gan *microphone*, bheinn rud beag níos faití ag plé le daoine.

Agus an post atá agam, thug sé deis domh an domhan a shiúl. Bhí mé san Afraic Theas, sa Rómáin, i Meiriceá, sa Rúis, sa Ghréig, sa Fhrainc, san Iodáil, sa Spáinn – ar fud na cruinne. Agus tugtar ‘obair’ air sin!

1 ...ag fáil tuarastala... Is é an leagan caighdeánach, ‘ag fáil tuarastail’.

4 Cúinne na héigse

An rud ba mhó a chuaigh i bhfeidhm ormsa nó, tá an, an-tóir ar phíosáí ealaíne sa teanga. So, rudaí ar nós cártaí, *wrapping paper*, Bábóg Baby – b’fhéidir nach ealaín é sin. Ceol. Is iomaí rud, cineál ‘earra’ gur féidir a cheannacht a bhfuil Gaeilge air agus taitníonn sin go mór le daoine. Ach tá drogall ar go leor leor daoine a bheith ag léamh sa teanga.

Tuigim sin ó thaobh muinín i do chuid líofachta agus scileanna foclóra agus rudaí mar sin agus sin an rud a chuaigh i bhfeidhm ormsa mar mhúinteoir, nár nós le mo chuid mic léinn – mo chuid mac léinn – a bheith ag léamh. Agus rinne mé an-iarracht sin a athrú. Ach tá gá le...tá obair mhór le déanamh chun daoine atá timpeall ar m’aois-se, agus níos óige, a mhisniú chun a bheith ag léamh. Agus níl an spreagadh... ní leor díreach a rá, ‘Ba cheart duit a bheith ag léamh i do theanga féin.’ Níor cheart gur dualgas a bheadh ann. Mura bhfaigheann siad léargas ar thábhacht na léitheoireachta daofa féin agus ar thábhacht na léitheoireachta don údar – mar tá siad ag iarraidh go gcluinfí an rud atá le rá acu. Ach ní amháin sin: mura dtuigeann siad an saibhreas, mura dtuigeann siad an caighdeán, ní bheidh siad spreagtha.

So, daoine, léann siad rudaí ar nós Ross O’Carroll Kelly, rudaí atá saghas éadrom agus greannmhar. Tuigim sin, tuigim scíthléitheoireacht – agus tá fadhb againn le heaspa scíthléitheoireachta – ach ba mhaith liomsa, b’fhéidir, iad a chur ag smaoineamh níos mó ar an traidisiún, gur, go bhfuil muid ag caint ar, is ar éigean atá céad bliain – bhuel, abrainis go bhfuil céad bliain caite de litríocht bheo na teanga: scríofa, litríocht ‘oifigiúil’ i bhfoirm leabhair. Agus roimhe sin, go raibh muid beagnach marbh mar thraidisiún.

Má thuigeann tú sin, agus chomh radacach a bhí an athbheochan liteartha agus chomh maith is a d’éirigh linn, taobh istigh de chéad bliain, litríocht mhaith a bhunú. Tá sé dochreidte. Agus dá dtuigfí sin, is údar mórtais atá ann. Ach ní dóigh liom go bhfuil an teachtaireacht sin á scaoileadh. Agus is mór an trua é mar is bua de chuid na Gaeilge é agus is bua de chuid na nGael é agus ba cheart go mbeadh muid uilig iontach misniúil faoi sin.

7 An Lia Gramadaí: na huimhreacha pearsanta

Cluintear ‘beirt’, ‘triúr’ agus na focla¹ sin á lua le rudaí nach daoine iad, corruair. An botún é sin?

Ar dtús, is ‘uimhreacha pearsanta’ na focla sin, agus is le daoine a luaitear iad an chuid is mó den am. Beirt fhear. Triúr ban. Ceathrar gasúr agus mar sin de. É sin ráite, tá nós i nGaeilge Uladh na huimhreacha pearsanta a úsáid ar dhóigh eile, is é sin más ag tagairt siar d’ainmfhocal a luaíodh² roimhe sin atá an cainteoir, mar fhreagra ar cheist, cuir i gcás. Seo sampla, ‘Cá mhéad rang a bhí agat ar maidin, a Shéamais?’ ‘Triúr’.

Anois, is léir sa tsampla sin gur ag tagairt siar don ainmfhocal ‘rang’ atá an té a d’fhreagair an cheist sin. Maíonn daoine áirithe gur úsáid bhreallach í seo, agus déanann siad an nós sin a cheartú. Ach, i ndáiríre, níl locht ar bith air. Más léir ón chomhthéacs cé dó a bhfuil an cainteoir ag tagairt, más ag tagairt siar d’ainmfhocal a luaíodh roimhe seo atá an duine sin, tá sé go breá. Fhad is nach n-úsáideann siad an t-ainmfhocal sin arís leis.

I gcásanna den chineál chéanna, déarfadh muid, an sampla sin a bhí agamsa, áit a raibh ‘triúr’ againn, seans gur ‘trí cinn’ a déarfadh cainteoirí in áiteanna eile.

Seo tuilleadh samplaí agaibh: ‘Cá mhéad lá a chaith tú i Londain?’ An freagra, ‘ceathrar’ nó ‘ceithre cinn’. Seo ceann eile, ‘Bhí cúig charr taobh amuigh den teach ar maidin agus níl ach beirt anois ann’ nó ‘níl ach dhá cheann anois ann’ nó ‘níl ach péire anois ann.’

Mar sin, thig uimhreacha pearsanta a úsáid nuair atáthar ag tagairt siar d’ainmfhocal a luaíodh roimhe seo agus nuair atá sin breá soiléir ón chomhthéacs. Bíodh sin mar atá, níor cheart riamh gnáth-ainmfhocal a úsáid le huimhir phearsanta. Bheadh sé go hiomlán mícheart ‘cúigear carranna’, nó ‘beirt phlandaí’ nó rud éigin mar sin a ráit.

- 1 ...*na focla sin*... Is é ‘focail’ an fhoirm iolra chaighdeánach ach ‘focla’ a deirtear i nGaeilge Uladh. Tá nós ag daoine ‘í’ a chur i ndeireadh an fhocail seo agus ‘foclaí’ a rá. Ní mar sin a deirtear an focal sa Ghaeltacht. Tá an rud céanna fíor i gcás foirmeacha iolra eile atá láidir i nGaeilge Uladh, mar shampla ‘scoltacha’ nó ‘bróga’.
- 2 ...*a luaíodh roimhe sin*... De réir an Chaighdeáin Oifigiúil, is ‘luadh’ a bheadh ann.